15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Saoránaigh Dhomhanda Gar Duitse

Nuair a chuirtear ár ndúshlán, is maith an rud é i gcónaí dul ar thóir na gcúntóirí; bíonn daoine ann i gcónaí atá sásta cuidiú lena chéile. Tá go leor eagraíochtaí agus daoine aonair in Éirinn ag déanamh a gcuid féin chun cabhrú le daoine eile ar na saolta crua seo, agus is mór an spreagadh a thugann siad dúinn.

Seo thíos sampla de chuid den obair atá á déanamh ag Cúnamh Éireann:

Tá Rialtas na hÉireann, a ritheann clár Chúnamh Éireann, ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha nó eagraíochtaí carthanacha chun dul i ngleic leis an bpaindéim COVID-19. Tá bearta tacaíochta á gcur i bhfeidhm ag an Rialtas, ar nós stáisiúin a chur ar fáil ag ar féidir le daoine a lámha a níochán, rud a chabhróidh le cosaint a thabhairt do dhaoine i dtíortha bochta áit nach bhfuil uisce glan ón sconna acu sa bhaile.

An bhfuil tusa in ann smaoineamh ar dhaoine, grúpaí nó eagraíochtaí eile i do phobal féin atá ag tabhairt lámh chúnta, bíodh an cúnamh sin mór nó beag? Scríobh cúpla abairt nó tarraing pictiúr lena léiriú cé hiad féin agus céard a dhéanann siad ar son do phobail.